

❖ An Lúibín ❖

26 Feabhra 2023

Easpa múinteoirí líofa Gaeilge ar scoileanna na hÉireann

In a recent interview a noted Irish linguist deplores the longstanding failure to teach Irish effectively in the schools. He wants fluent specialist teachers at primary level, together with a revised curriculum.

Is dócha gur chuir a lán daoine suim san agallamh leis an teangeolaí David Little ar *Tuairisc.ie* (tá sé ina ollamh emeritus i gColáiste na Tríonóide).¹ Ar nós mórán eile, tá sé thar a bheith míshásta le múineadh na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann, agus ní chuirfidh a chuid tuairimí iontas ar aon duine a léigh píosaí éagsúla faoin scéal ar *An Lúibín*, mar shampla. Deir sé gur míthid stad den áitiú go bhfuil Gaeilge líofa ag gach múinteoir. Ní mar sin a tá, agus is cóir múinteoirí speisialta Gaeilge atá an-líofa a sholáthar do gach scoil.

Admhaíonn sé go bhfuil roinnt múinteoirí Gaeilge ann a bhfuil scoth na Gaeilge acu agus a mhúineann an teanga dá réir. Faraor, níl iontu ach mionlach. I bhformhór na scoileanna (a deir sé) ní mhúintear an Ghaeilge mar theanga chumarsáide. Fágann sin gur ábhar tur í agus baint mhór aige sin le heaspa líofachta na múinteoirí. Sin an fáth a gcaithfear múinteoirí an-líofa a cheapadh sna mbunscoileanna.

Bhí David Little ina chomhairleoir ar chúrsaí siollabais sna hochtóidí, agus is beag athrú a tháinig ar an scéal ó shin. Níor glacadh lena mholadh go gcuirfí siollabas nua Gaeilge ar bun do chainteoirí dúchais agus líofa: ‘Faraor ní raibh cur chuige stuama teagaisc riamh againn ó thaobh na Gaeilge’.

Deir sé go mbíonn lucht ceaptha na bpolasaithe ag brath ar phleananna agus ar airgead: ‘Ach is é an t-aon slí amháin chun rudaí a athrú ná rudaí a athrú sa seomra ranga féin. Tá sé chomh simplí leis sin’.

Aithníonn An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) go bhfuil fadhb ann agus go gcaithfidh roinnt scoileanna múinteoirí a cheapadh nach bhfuil Gaeilge ar a dtail acu. Dá bhrí sin cuireadh cúrsaí ar bun do na múinteoirí sin – cúrsaí nach mbeadh gá acu leo dá mbeadh faill acu le Gaeilge a fhoghlaim mar ba cheart ar scoil. Is iomaí duine, múinteoirí agus eile, a bhfuil eagla orthu focal Gaeilge a labhairt.



Eachtrannaigh ar scoil

It is still the case that few children with a home language other than Irish or English are to be found in Irish-medium schools.

Má tá rath na Gaeilge feasta ag brath ar oideachas trí Ghaeilge, tá sé ag brath ar an mbeagán. Faoi láthair tá timpeall 7% de dhaltaí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. D’ainneoin fógraí dóchasacha rialtais, is beag ardú a tháinig ar an gcéatadán sin le blianta beaga anuas. In 2020 ní raibh ach 2% de dhaltaí iarbhunscoile á múineadh trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé soiléir go bhfuil an-ghá lena thuilleadh gaelcholáistí agus trí chontae dhéag ann nach bhfuil gaelcholáiste ar bith iontu.

Tá níos mó daoine ó thíortha eile ina gcónaí in Éirinn anois agus a rian sin ar na scoileanna – nó ar scoileanna lán-Bhéarla ar a laghad. De réir tuarascála a d’fhoilsigh Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge le déanaí,² teanga dhúchais iasachta atá ag breis is 10% de na páistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna Béarla agus gan ach 1% le fáil i scoileanna lán-Ghaeilge.

Léiríonn daonáirimh 2016 go raibh, ag an am sin, teanga iasachta á labhairt sa bhaile ag 13% de na teaghlacha. Bhí Polainnis ag 113,225 duine, Liotuáinis ag 30,502, Rómáinis ag 26,645 agus Portaingéilis ag 16,737. Tháinig a lán Úcránach isteach ó shin. Dealraíonn sé gur beag suim a bhí ag a bhformhór in oideachas lán-Ghaeilge. An beagán díobh a chuir a gclann ar scoileanna lán-Ghaeilge rinne siad é le suim san ilteangachas agus i

¹ Seán Tadhg Ó Gairbhí agus Méabh Ní Thuathaláin, ‘“Frustrachas” ar theangeolaí aitheanta a chuir réiteach ar chás na Gaeilge ar fáil don Roinn Oideachais,’ 23/2/23: <https://tuairisc.ie/frustrachas-ar-theangeolaí-aitheanta-a-chuir-reiteach-ar-chas-na-gaeilge-ar-fail-don-roinn-oideachais-30-bliain-o-shin/>.

² An Dr Aisling Ní Dhíorbhán, an Dr Lorraine Connaughton-Crean agus an tOllamh Pádraig Ó Duibhir na húdair.

luathfhoghlaim teanga. Shíl na páistí féin go gcuidíonn teanga amháin le teangacha eile a fhoghlaim, agus luaigh siad an Ghaeilge mar theanga a labhróidís lena cairde. Cuireadh agallamh ar roinnt príomhoidí agus ba dhóigh leo sin go raibh oideachas trí Ghaeilge an-oiriúnach do pháistí ilteangacha.

Is dócha nach bhfuil a fhios ag cuid de na tuismitheoirí go bhfuil oideachas lán-Ghaeilge ar fáil. B'fhéidir gur dóigh le cuid eile gur leor an Béarla a fhoghlaim. Is léir, ar aon nós, gur gá breis gaelscoileanna a bhunú chun go mbeadh rogha ag tuismitheoirí.



Taighde nua ar sheirbhís raidió

The Irish Broadcasting Authority wants to know if there is a youthful audience for a new Irish-language station. The answer seems to be no.

Mar léargas ar neamhthábhacht na Gaeilge i saol an ghnáthdhuine in Éirinn, is fiú súil a chaitheamh ar thaighde a chuir Udarás Craolacháin na hÉireann á dhéanamh chun a fháil amach cén suim a chuirfí i seirbhís raidió Ghaeilge a bhí dírithe ar dhaoine idir 15-34 bliain in Éirinn. Ghlac beagnach 600 duine páirt sa suirbhé agus níor éist ach 1% díobh le Raidió na Life (i mBaile Átha Cliath) agus 0.5% le Raidió Rí Rá an tseachtain roimhe sin.

Is fíor, ar ndóigh, go bhfuil raon cúng craolacháin ag Raidió na Life agus nach bhfuil Raidió Rí Rá ar fáil ar FM, ach tá siad beirt le fáil ar an idirlíon agus is guth na Gaeilge cathrach iad. Tar éis an tsaoil, áfach, ní ábhar iontais an toradh sin. Fágann formhór na nÉireannach an Ghaeilge ina ndiaidh sa rang; is beag duine atá líofa. Ní raibh a fhios ag mórán fiú go raibh stáisiún áitiúla ag craoladh trí Ghaeilge, cé gur chuala 31% faoi Raidió na Gaeltachta (rud nach ionann is a rá gur éist siad leis an stáisiún riamh).

Is dócha gur mó an líon éisteoirí atá ag na stáisiúin sin thar lear ná mar atá in Éirinn féin. Comhartha iad ar an mbaint atá stádas na teanga in Éirinn le húsáid na teanga i dtíortha eile. Mar a phléitear thuas, ar éigean atá córas oideachais na hÉireann in ann beagán cainteoirí líofa féin a sholáthar (fágaimis na scoileanna lán-Ghaeilge as an áireamh). Cibé tábhacht leis na meáin Ghaeilge i measc Gaeilgeoirí sa bhaile agus i gcéin (agus ní beag an tábhacht í), ní dócha go mbeidh mórán eile ag éisteacht le seirbhís nua ag an am seo.

Na dealbha deireanacha

Little survives of Ireland's late medieval art, but in the collections of the National Museum of Ireland are four striking religious statues, carved from wood in the international Gothic style and preserved by chance.

Bhí an saol mór ag dul i bhfeidhm ar Éirinn i gcónaí sna meánaoiseanna déanacha, ar bhealaí éagsúla. Bhí scéalta á n-aistriú ón Meán-Bhéarla; bhí gunnaí móra á n-úsáid i gcogaí áitiúla; bhí cré-earraí á n-iomportáil. Bhí athrú ag teacht ar ghníomhú na hEaglaise féin, scéal a chuaigh in olcas agus na mainistreacha á gcur faoi chois sa 16ú haois. Dá bhrí sin agus de thoradh chogaí an 17ú haois, scriosadh mórán den ealaín eaglaiseach. Ach tháinig roinnt bheag rudaí slán. I Músaem Náisiúnta na hÉireann tá dealbha adhmaid ó Fhiodh Ard i gContae Thiobraid Árann agus ó Eas Géitine i gContae Luimnigh, cros chré-umha ó Bhaile an Longfoirt agus cópa maisithe de chuid an 15ú haois ó Phort Láirge. In éineacht leo sin tá iarsmaí ailtireachta ó shéipéil agus ó thuamaí – giotáí d'fhuinneoga agus de dhoirse, coirbéil, mullaí colún, cloigne cloiche, umair bhaiste agus dhá dheilbhín déag de Shíle na gcíoch.³



Mainistir Eas Géitine
Wikimedia Commons

³ Síle na gcíoch: https://ga.wikipedia.org/wiki/S%C3%ADle_na_gc%C3%ADoch

Is iad na dealbha adhmaid is mó a bheidh á gcíoradh anseo. Ní stíl 'Cheilteach' atá i gceist ach stíl Ghotach a raibh glaích uirthi san Eoraip anuas go dtí an 16ú haois nó níos déanaí fós agus a bhí á saothrú ag na hÉireannaigh féin.

Tá dealbh adhmaid dara den Mhaighdean lena Leanbh a luaitear le mainistir Phroinsiasach Eas Géitine cois na Daoile i gContae Luimnigh, cé nach ann a fuarthas í. Is dócha gur bunaíodh an mhaisistir go déanach sa 14ú haois nó go luath sa 15ú haois. Tá an clabhstra ann fós agus íomhá de Shan Proinsias snoite thuas sa stuara. Tá *sedilia* (trí shuíochán cléire) ann sa bhalla theas, trí thuama altóra, pictiúr balla de Chríost mar Fhear na nDólás agus clog gréine eaglaiseach a bhí coitianta ag an am agus a léirigh uair an Aifrinn.

Tá dealbh an Maighdine 93 ceintiméadar ar airde, folt droimnéach uirthi agus an Leanbh ar a glúin chlé. Caitheann sí gúna faoi mhúineál íseal agus cabhail fháiscthe aige. Tá an gúna agus an brat ag titim ina bhfillteacha, agus tá tuineach fhada ar an Leanbh. Tá ballóga d'uaine agus de dhearg le feiceáil in áiteanna agus lorg leathan de dhath donn. Tá dreach mánla ar an Maighdean agus ar an Leanbh araon. Deirtear gur coinneadh an dealbh i bhfolach i dteach de chuid mhuintir Chonmhaigh i dTiobraid, baile fearainn a bhí timpeall míle slí ón mainistir; timpeall 1890 tháinig sí i seilbh Michael Sommers, feirmeoir áitiúil, agus fuair a nia Patrick Casey í timpeall 1940.

Bhí trí dhealbh adhmaid i bhFíodh Ard – Críost i gCalvaire, Dia an tAthair agus Eoin Baiste – agus iad go léir déanta d'adhmaid darach.

Tá Críost ina shuí ar charraig Chalvaire; is gearr go gcrochfar é, agus tá blaosc lena thaobh. Tá an dealbh ar thomhas nádúrtha, agus rinneadh í a athdhathú arís agus arís. Rinneadh dochar don aghaidh agus rinneadh iarracht ar í a dheisiú, ach tá an chuid is mó den dealbh mar a bhí sí riamh, d'ainneoin cuid di a bheith críonlofa.

Bhain Dia an tAthair le grúpa Tríonóide agus baint ag an dealbh, mar sin, le caondúthracht chun na Tríonóide i bhFíodh Ard sna meánaoiseanna. Tá an dealbh ar thomhas nádúrtha agus léirítear Dia in éide an Phápa.

Tá Eoin Baiste ag iompar Uan Dé. Tá an lámh dheas ar iarraidh agus rinneadh dochar do bharr an chinn agus don ghruaig. Cuireadh srón nua ar an dealbh uair éigin agus cuireadh dathanna nua ar an aghaidh.

Deirtear gur cuireadh na dealbha seo agus gur tógadh aníos iad lena gcur isteach sa séipéal Caitliceach. Thaispeántaí iad ar chéimeanna an tséipéil Domhnach na Tríonóide nuair a thagadh daoine as gach taobh de Chúige Mumhan sa 19ú haois chun freastal ar an bpátrún.

D'éirigh leis na Sasanaigh an chuid is mó dá gcuid ealaín eaglaise féin a scriosadh. Ní deacair a shamhlú cá mhéad eile a cuireadh de dhroim an tsaoil in Éirinn. Bímis buíoch de gur tháinig cuid den oighreacht slán.

Tagairtí:

- *Caitriona Mac Leod, 'A Carved Oak Nursing Madonna from Askeaton, Co. Limerick':* <http://www.limerickcity.ie/media/a&t006.pdf>
- *Caitriona Mac Leod, 'Late Medieval Wood Sculptures in Fethard':* <https://fethard.com/research/statues.html>
- [https://www.museum.ie/en-IE/Collections-Research/Irish-Antiquities-Division-Collections/Collections-List-\(1\)/Late-Medieval](https://www.museum.ie/en-IE/Collections-Research/Irish-Antiquities-Division-Collections/Collections-List-(1)/Late-Medieval)

An Úcráin: stair agus cogadh

The Russian government claimed that it wanted to 'de-Natify' Ukraine – a reference to right-wing Ukrainian nationalists. They were very active during WW2 on the German side, but millions of other Ukrainians fought in the Soviet army. There were Ukrainians who killed Jews and others who sheltered them. There were massacres and divided loyalties. All this has left its mark.

An Úcráin – tír a bhfuil stair an-chasta aici, agus ní stair í a chuirfeadh gliondar ar do chroí. Ba chuid den Aontas Sóivéadach í an Úcráin roimh an Dara Cogadh Domhanda, agus fuair na milliúin duine bás den ghorta de thoradh bheartas Stailín. Mar sin féin, bhí na milliúin Úcránach ag troid ar thaobh an Aontais Shóivéadaigh i rith an chogaidh. Ach bhí neart náisiúnaithe ann a d'fháiltigh roimh na Gearmánaigh agus a mharaigh Giúdaigh agus daoine ó mhionlaigh eitneacha eile (Polannaigh, mar shampla). Bhí Úcránaigh eile ann a thug dídean do Ghiúdaigh, rud a d'fhág i mbaol a mbáis iad. Bhí náisiúnaithe ann a thuig de réir a chéile nach lena leas a bhí na Gearmánaigh, agus a chuir i gcoinne Hitler agus Stailín araon. Bhí ár ann agus deighilt. Rinne na Gearmánaigh cuid mhaith den Úcráin a bhánú agus iad ag cúlú roimh an arm Sóivéadach. Féach an físeán seo:

https://www.youtube.com/watch?v=CII91vfc_3Q

'Ukrainian Collaboration with Germany in World War II (1941 – 1945)'

Ní dócha go dtiocfaidh deireadh leis an gcogadh nua san Úcráin inniu ná amárach. Gortaíodh nó maraíodh na mílte ar gach taobh. Sna físeáin seo thíos tá tuairiscí beoga (agus scéiniúla uaireanta) ar an scéal.

https://www.youtube.com/watch?v=u0Vrm_DgGms
Oibrí leighis ó Ceanada ag cur síos ar a bhfaca sé

https://www.youtube.com/watch?v=IWJk_OHJQ3Q
Saighdiúirí ón bhFionnlainn ag troid san Úcráin

<https://www.youtube.com/watch?v=jO94rW4tHNs>
Ar an bhfronta in Bakhmut - FRANCE 24 English

<https://www.youtube.com/watch?v=2siV0LMT8-A>
Ar an bhfronta in Bakhmut - BBC News

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan (*Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, agus *Rogha*, Coiscéim 2022)

Iarsmalann

Anseo a bhí arrachtaí cloiche
is tuanna catha
is a raibh riamh ann
de chosa adhmaid
is cloigeann marmair mná
a d'aithin thú
ar do leithéid a mhair fadó
is a bhronn bláthfhleasca uirthi
is fáinne óir
nó a mhill lena beo í

Néal

Tháinig tú trasna ort féin
is néal ort faoi fhíoracha
brionlóideacha an aeir
idir bás is beatha
nó gur dhúisigh tú

is go bhfaca tú thú féin
i d'eachtrannach
a casadh ort i dtaibhreamh